



Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Polasaí Coimeád Cuntais agus Cosanta Sonraí

Ráiteas Tosaigh

Athbhreithnithe i mí Bealtaine 2013. Bhí an fhoireann teagaisc, Cúntóir Riachtanais Foghlama, Rúnaí na Scoile, an feighlí agus an Bord Bainistíochta páirteach ann.

Réasúnaíocht

- Bíonn an teagasc bunaithe ar riachtanais foghlama daltaí, agus is bunchloch an dea-teagaisc é cuntas a choimeád ar an áit a bhfuil daltaí maidir lena bhfoghlaim.
- Déanann an tAcht Oideachas Alt 9(g) socraithe go mbíonn sé i dteideal ag tuismitheoirí (nó mic léinn os cionn 18 mbliana d'aois) teacht ar an mbealach cuí ar chúntais na scoile maidir le dul chun cinn an mhic léinn ina (h)uideachas.
- Bíonn tionchar ag tinreamh scoile ar leibhéil dhul chun cinn oideachasúil daltaí
- Ceanglaíonn an tAcht Oideachais (Leas), 2000, ar phríomhoidí
 1. Scoil a bhfuil dalta ag aistriú ann a chur ar an eolas faoi aon fhadhbanna a bhaineann le tinreamh scoile a bhí ag an dalta sin, agus aon ábhair chuí eile a bhaineann le dul chun cinn oideachasúil an dalta.
 2. Cuntas a choimeád ar thinreamh an dalta agus na cúiseanna nach raibh siad i láthair
 3. An tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas, i scríbhinn, nuair a bhíonn dalta ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 6 lá nó nuair a bhíonn dalta as láthair ar feadh níos mó nó 20 lá scoile i mbliain scoile amháin nó nuair nach mbíonn an dalta ag freastal ar an scoil go rialta i dtuairim an phríomhoide.
 4. **An FSS a chur ar an eolas má aistríonn dalta atá ar a gcuid leabhar ag an FSS go scoil nua.**
- Ní mór cleachtas reatha na scoile a shoiléiriú chun a chinntiú go gclóíonn an scoil le spiorad an dlí i dteannta litir an dlí e.g. cuntasacht agus trédhearcacht

Gaol le hÉiteas sainiúil na scoile

- Déanann Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh iarracht cur ar chumas gach linbh a p(h)oitéinseal a fhorbairt i dtimpeallacht ina ndéantar cúram dó/di agus ina gcuirtear luach ar thallannacha gach linbh. Is féidir an obair sin a dhéanamh ar an mbealach is fearr nuair a bhíonn leibhéal ard oscailteachta agus comhoibrithe idir an fhoireann, na tuismitheoirí agus na daltaí.
- Deintear cúram, áfach, de phríobháideachas gach dalta trí eolas agus sonraí a choimeád in áit shainiúil faoi ghlas.

Aidhmeanna

Cuntas a choimeád ar an dul chun cinn oideachasúil atá á dhéanamh ag dalta chun cur ar chumas tuismitheoirí agus múinteoirí tacú le foghlaim an linbh.

- Tuairisciú ciallmhar a dhéanamh do thuismitheoirí ar dhul chun cinn oideachasúil a leanaí
- Níosana imeachta soiléire praiticiúla a bhunú a chuirfidh ar chumas tuismitheoirí/caomhnóirí (nó iardhaltaí os cionn 18 mbliana d'aois) teacht ar chúntais a bhaineann le dul chun cinn oideachasúil.

- A chinntiú go bhfuil an teacht sin ar chúntais le fáil ar bhealach a bhfuil an scoil in ann a riaradh.
- Tuiscint shoiléir a bhunú idir an bhainistíocht, an fhoireann agus an tuismitheoirí, ar na cineálacha cuntais a choimeádtar agus ar conas ar chóir na cuntais sin a chur ar fáil.
- A chinntiú go gcloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta agus í ag fanacht le heisiúint na dtreoirínte maidir leis an 'mbealach forordaithe' a ndéantar tagairt dó in Alt 9(g) den Acht Oideachais
- A chinntiú go gcloíonn an scoil le ceanglais/prionsabail an dea-chleachtais a mhéid agus is féidir agus í ag fanacht le heisiúint na dtreoirínte.

Ábhar an pholasáí

Cuntas dul chun cinn na nDaltaí:

- **Comhad indibhidiúil an dalta**

Tá comhad ag gach dalta.

Comhaid iad seo ina bhfuil leabhrán Tuairiscí Teagbhála / Tuairisc ar thimpistí, cóip den Teastas Breithe & Baisteadh, Foirm Chlárúcháin Foirm deimhniúcháin maidir le leigheas a riaradh, Foirm cheadaithe Turasanna oideachasúla logánta, cuairt ar an séipéal srl

Coinnítear comhaid na ndaltaí faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an oide ranga. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí féachaint ar na comhaid ach coinne a dhéanamh leis an oide ranga chuige sin. Níl cead acu an fillteán a thógáil ón scoil.

Deintear iad a aistriú ó rangsheomra go rangsheomra ag duine intofa faoi stiúir an Phríomhoide i rith laethanta saoire an tsamhraidh. Deineann oidí Ranga 6 na comhaid a aistriú go bosca stórála a choimeádtar sa seomra láidir ar feadh bliana agus a aistrítear ansin go dtí áiléar na scoile. Beidh rochtain ag daltaí a bhfuil 18 bliain shroichte acu ar a gcuid fillteán féin ach foláireamh 3 lá a thabhairt don Phríomhoide. Deineann an Príomhoide na comhaid a scrios nuair atá blian agus fiche shroichte ag an ndalta.

I gcás daltaí a aistríonn ón scoil roimh Rang a 6, coinnítear na comhaid i mbosca stórála sa seomra láidir, rangaithe de réir bliana fágála, agus deineann an Príomhoide na comhaid a scrios nuair atá blian agus fiche shroichte ag an ndalta.

Tuairisc Scoile: Leabhrán ina bhfuil bileoga tuairiscithe ar dhul chun cinn an dalta. Tá bileog ann do na Ranganna Naíonán agus ceann eile do Ranganna 1-6. Seoltar an bhileog cuí abhaile sa phost i gclúdach litreach le stampa air a lorgáítear ó gach teaghlach ag deireadh na scoilbliana. Síníonn an t-oide ranga agus an Príomhoide é. Fanann cóip carbóin den Tuairisc Baile sa leabhrán. Coimeádann an Príomhoide Tuairiscí Baile dhaltaí nár sholáthraigh CLS ina hoifig.

Tuairisc Teagbhála: Leabhrán ina bhfuil bhfuil bileoga tuairiscithe ar dhul chun cinn an dalta a thugtar do na tuismitheoirí agu crinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí oifigiúla. Fanann cóip carbóin sa leabhrán. Coinnítear taifead sa leabhrán seo ar chruinnithe eile Tuismitheoirí/Múinteoirí a bhíonn ann i rith na bliana. Sa leabhrán seo deintear taifead chomh maith ar thimpistí tromchúiseacha a bhain do dhalta i rith am scoile nó ar thuras scoile. Síníonn an t-oide a dheighleáil leis an timpiste agus an Príomhoide é.

Deleted: n

- **Fillteán torthaí [Trialacha Caighdeánaithe] [Ring - Binder Dearg]**

Coinníonn gach oide ranga torthaí scrúdaithe caighdeánaithe na ndaltaí atá ina rang sa bhFillteán Torthaí faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an oide ranga.

Deintear iad a aistriú ó rangsheomra go rangsheomra ag duine intofa faoi stiúir an Phríomhoide i rith laethanta saoire an tsamhraidh.

Bíonn cóip de na torthaí seo ag gach duine de na hOidí Tacaíochta Foghlama a choinnítear faoi ghlas i gcomhadchaibinéad sa Seomra Tacaíochta cuí.

Bíonn cóip de thorthaí scrúdaithe caighdeánaithe na ndaltaí uile ag an bPríomhoide a choinnítear faoi ghlas i gcomhadchaibinéad ina hoifig.

Fillteán Ranga [Ring - Binder Glas]

Sa bhfillteán seo bíonn eolas faoi na daltaí sa rang sin amháin:

- ✓ Sonraí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí ar aon bhileog amháin- ainm, sloinne, seoladh, dáta breithe, uimhir ghutháin srl
- ✓ Eolas ar aon fhadhb sláinte
- ✓ Bus Scoile

Deintear na sonraí seo a athnuachan ag tús gach scoilbhliain agus scriosann an t-oide ranga reatha cuntais na scoilbliana roimhe sin.

▪ **Comhaid measúnaithe leanúnaigh na ndaltaí (Féach polasaí ar mheasúnú)**

Coinníonn gach oide ranga comhaid measúnaithe leanúnaigh na ndaltaí faoi ghlas i gcomhadchaibinéad ina seomra ranga faoi ghlas.

Sa chomhad coinneófar:

- **Leabhrán** Tuairisc Baile an Dalta
- **Leabhráin** na dTrialacha Caighdeánaithe a rinne na daltaí
- **Samplaí de shaothar an Dalta_:** Coimeádtar samplaí de shaothar an dalta nó grianghrafanna de, de réir mar a oireann, sa chomhad measúnaithe leanúnaigh i gcomhadchaibinéad sa seomra ranga faoi ghlas
- **Trialacha Scagacháin:** Coimeádtar torthaí na dtrialacha scagacháin faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an Oide Tacaíochta Foghlama lena mbaineann.. Féach liosta trialacha i Polasaí i leith Tacaíochta Foghlama na scoile.
- **Trialacha Diagnóiseacha:** Coimeádtar torthaí na dtrialacha diagnóiseacha faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an Oide Tacaíochta Foghlama lena mbaineann.. Féach liosta trialacha i Polasaí i leith Tacaíochta Foghlama na scoile.
- **Pleananna Oideachais Aonair/Cláir Phróifíle agus Foghlama Aonair :** Coimeádtar POA agus CPFA na ndaltaí a fhreastalaíonn ar thacaíocht foghlama i gcomhadchaibinéad an MTF cuí ina seomra faoi ghlas.
- **Cuntais ar thinreamh/neamhláithreachtaí:**

Coinníonn gach oide ranga an leabhar rolla dá rang féin i dtarraiceán faoina deaisc.

Deintear iad a aistriú ó rangsheomra go rangsheomra ag duine intofa faoi stiúir an Phríomhoide i rith laethanta saoire an tsamhraidh.

Coinníonn gach oide ranga taifead agus míniú ar neamhláithreachtaí ar bhileog deartha scoile chuige sin. Dáta agus catagóir asláithreachta amháin a dheintear a thaifead ar an mbileog seo. Coinníonn gach oide ranga nótaí mínithe asláithreachtaí don scoilbhliain reatha amháin. Deintear iad a mhilleadh i mí Iúil gach bliain.

Tuairisciú don tSeirbhís Leasa Oideachais

Déanfaidh an Príomhoide as láithreachtaí de 20 lá nó os a chionn sin a thuairisciú don Bhord Naisiúnta um Leasa Oideachais do gach tréimhse a éilítear é, maraon leis na sonraí eile a lorgáitear. Is arlíne a dheánfar an tuairisc a sheoladh.

▪ **Measúnachtaí Síceolaíocha agus Measúnaithe Profaisiúnta eile:**

Bíonn cóip de Thuairiscí Measúnaithe Profaisiúnta i gcomhad an dalta féin a stóráltar faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an oide ranga. Bíonn cóip de Thuairiscí Measúnaithe Profaisiúnta i gcomhad an dalta féin a stóráltar faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an Oide Tacaíochta Foghlama ábharach.

Bíonn cóip de Thuairiscí Measúnaithe Profaisiúnta na ndaltaí uile ag an bPríomhoide a stóráltar faoi ghlas i gcomhadchaibinéad ina hoifig. Ní thugtar cóip de Thuairisc do thríú pháirtí ach le cead tuismitheora.

Coimeádtar Tuairiscí Measúnaithe Profaisiúnta dhaltaí atá imithe ón scoil sa seomra láidir ar feadh bliana i ndiaidh dóibh imeacht, agus ina dhiaidh sin in áiléar na scoile go dtí go mbíonn siad blian agus fiche. Deintear amhlaidh le comhaid indibhidiúil na ndaltaí, le samplaí de shaothar na ndaltaí agus le comhaid measúnaithe leanúnaigh na ndaltaí.

▪ **Tarchuir le haghaidh Tacaíochta Foghlama/Seirbhís Múinteora ar Cuairt/Múinteoir Acmhainne don Lucht Siúil**

Coimeádtar tarchuir le haghaidh tacaíochta éagsúla eachtracha agus cumarsáid bhreise eile a bhaineann leo i gcomhad an dalta faoi ghlas i gcomhadchaibinéad an Oide Tacaíochta Foghlama ábharach.

▪ Tarchuir/Tuairiscí FSS Leaná i mbaol – Coimeádtar faoi ghlas in oifig an Phríomhoide iad go deo na ndeor.

Formatted: Bullets and Numbering

▪ **Tugtar cóip de Chód Iompair na scoile do thuismitheoirí in éineacht leis an bhfoirm chláraithe, ón 1/9/2010 agus iarrtar orthu a dheimhniú go bhfuil an Cód Iompair léite acu agus go nglacann siad leis.**

▪ **Coimeádtar cuntas ar uaireanta nuair a sháraigh an leanbh an cód iompair ar bileog taifeadta chaighdeánach scoile ag an oide ranga sa bhfillteán ranga. An t-oide a dheimhléail leis an sárú a dheineann an taifead.**

▪ **Coinnítear cuntas ar shárú an Chóid Iompair sa chlós i leabhair an chlóis cuí. An t-oide ar dualgas a dheineann an taifead.**

▪ **Riail na Gaeilge**

Coinníonn an Príomhoide cuntas ar shárú Riail na Gaeilge na ndaltaí uile agus gach comhfhreagras eile a bhaineann leis.

Sonraí Fostaithe

Coinníonn an Príomhoide sonraí phearsanta agus conraidh na n-oidí agus fostaithe eile an Bhoird Bainistíochta faoi ghlas i gcomhadchaibinéad ina hoifig.

Is í an Rúnaí a choinníonn teastais dochtúra srl na n-oidí le h-uimhir chláraithe an OLCS orthu, de réir mar a oireann.

As láithreachtaí Oidí agus fostaithe eile:

Deineann an Príomhoide as láithreachtaí oidí / CRS nach raibh clúdach ionadaíoch acu a thairisciú don ROS arlíne ar chlár OLCS.

Deineann an Rúnaí as láithreachtaí oidí a raibh clúdach ionadaíoch acu a chlárú agus iarratas ar thuarastal don ionadaí a chlárú arlíne trí chlár an OLCS. Is í an Príomhoide a dheimhniú an clárú sonraí asláithreachta oidí agus iarratais íocaíochta ionadaithe.

Deleted: i

Iarrthóirí Poist:

Iarrthóirí Poist a cuireadh faoi agallaimh: Coinníonn an Príomhoide na hiarratais agus taifead ar mharcanna agallaimh ar feadh bliana. Scríosann sí ina dhiaidh sin iad.

Seoltar Cvna iarrthóirí nár glaoth chun agallaimh orthu ar ais chucu má sholáthraigh siad clúdach litreach stampaithe chuige sin. Stracann an Príomhoide Cvna nach seoltar ar ais chuig na hiarrthóirí mí i ndiaidh na n-agallamh.

Nósanna imeachta Sonraí a lorg:

▪ Is gá d' eagrais sheachtracha a lorgaíonn teacht ar na cuntais iarratas a chur i scríbhinn chuig an Príomhoide.

▪ Glactar le hiarratais ar shonraí ó thuismitheoirí dhaltaí atá faoi bhun 18 bliain d'aois nó ó iardhaltaí a bhfuil 18 bliain slánaithe acu, trí ghlaoch ghutháin fad is atá aithne ag an bPríomhoide nó ag an oide ar a iarrtar iad ar an nduine. Ní mór dóibh fógra trí lá a thabhairt.

▪ Tabharfar scóir thrialacha chaighdeánaithe ar an fhoirm scoile chuige sin. Líonfar foirmeacha caighdeánacha ó eagrais eachtracha, iarbhunscoileanna san áireamh.

Síneoidh an Príomhoide ina tuairiscí a thugtar. Coimeádfar cóip i gcomhad pearsanta an dalta

- Coimeádfar cuntais tar éis aistriú daltaí go dtí go mbíonn siad 21 bliain d'aois.

Critéir Rathúlachta

Is iad na spriocanna praiticiúla do éifeacht an pholasáí seo ná:

- Cur le chéile córasach de chuntais chomhleanúnacha ag an bhfoireann
- Tuairisciú córasach do thuismitheoirí ar dhul chun cinn oideachasúil i bhfeidhm
- Nósanna imeachta soiléir do thuismitheoirí/iardhaltaí teacht ar chuntais.
- Is féidir stóráil na gcuntais a bhainistiú

Róil agus Freagrachtaí

- Is ar an oide ranga atá freagracht na gcuntas a choinnítear i gcomhadchaibinéad an tseomra ranga
- Is ar na hOidí Tacaíochta Foghlama a bhéas freagracht na gcuntas a choinnítear i gcomhadchaibinéad an tSeomra Tacaíochta Foghlama
- Is ar an Rúnaí atá freagracht na gcuntas a choinnítear i gcomhadchaibinéad oifig an Runaí
- Is ar an bPríomhoide atá freagracht na gcuntas a choinnítear i gcomhadchaibinéad oifig an príomhoide, sa seomra láidir agus san áiléar
- Is ar an bPríomhoide atá freagracht na gcuntas a aistriú ó sheomra ranga go seomra ranga i rith laethanta saoire an tsamhraidh
- Is ar an bPríomhoide atá freagracht cuntas na ndaltaí uile a d'aistrigh ón scoil a chur sa seomra láidir ar feadh bliana i ndiaidh dóibh fágáil, go dtí go mbíonn 21 bliain bainte acu, agus as na cuntais a scrios ina dhiaidh sin.
- Cuirfidh an Príomhoide tuismitheoirí ar an eolas faoina dteidlíochtaí agus na nósanna imeachta ar chóir dóibh a leanúint.

Dáta don chur i bhfeidhm

Tá na nósanna imeachta agus na freagrachtaí uile sa pholasáí seo go léir i bhfeidhm cheana féin.

Clár ama don Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na nósanna imeachta ag deireadh na scoilbliana 2014.

Deleted: í

Deleted: ach amháin comhad ar mheasúnú leanúnaigh an dalta agus samplaí dá shaothar a choimeád. Cuirfear é sin i bhfeidhm ó Méan Fómhair 2010.

Deleted: 2012

Daingniú & Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasáí ar an agus rinneadh é a fhoilsiú ar na pairtnéirí oideachais ar an .

Deleted: 23/6/2010

Deleted: 28/06/2010

Sínithe ag Cathoirleach an Bhoird Bainistíochta :

Dáta: _____